"*Is eagraíocht deonach pobal – bunaithe é CLG Daingean Uí Chúis a dhéanann ár gcluichí Gaelacha agus ár gcultúr Gaelach a chur chun cinn agus a thugann deis do dhaoine a bheith páirteach ann, is cuma óg nó aosta iad, ar feadh a shaoil*" - Misean CLG Daingean Uí Chúis

# 'CLG Daingean Uí Chúis – Athbhreithniú Straitéiseach 2021'

## *Do Chlub, Do Ghuth – Ár dTodhcaí*

Ó bunaíodh CLG Daingean Uí Chúis sa bhliain 1891, tá an cumann mar chuid lárnach den bpobail áitiúil. Sin céad is tríocha bliain ag tabhairt daoine le chéile, ag buanú cairdis agus ag saibhriú cuimhní cinn.

Tá ár gCumann, anois, ag díriú isteach ar Phlean Straitéiseach Cúig Bliana a ullmhú. Is togra é seo atá fíor-thábhachtach dár gCumann mar tabharfaidh sé treoir dúinn sna blianta atá romhainn. Chomh maith leis sin, tógfaidh sé ar an obair iontach atá déanta (agus atáthar ag déanamh) ag ár n-oibrithe deonacha, baill, oifigigh agus imreoirí. Is cumann iontach é CLG Daingean Uí Chúis ach tá sé ar intinn againn é a dhéanamh níos láidre agus na dlúth cheangail atá againn leis an bpobal áitiúil a neartú.

Tá **TUSA** lárnach sna céimeanna tosaigh dár dtogra. **TÁ DO CHABHAIR UAINN, DO SMAOINTE, DO THUAIRIMÍ, DO GHUTH**. Tá guth gach aoinne uainn: imreoirí, tuismitheoirí, cóitseálaithe, traenálaithe, lucht tacaíochta, riarthóirí, oifigigh, múinteoirí, baill, iarbhaill, áitribh, imircigh is eisimircigh, cách. Teastaíonn uainn go roinnfeá d'aisling linn faoin dtodhchaí atá i ndán, dar leat, do CLG Daingean Uí Chúis laistigh des na cúig bliana atá romhainn.

Bheimis fíor bhuíoch díot dá líonfá an ceistneoir gairid seo (idir 5-10 nóim.) atá ar líne ag an seoladh seo: www.dinglegaa.ie/survey. Coimeádfar do chuid aiseolas faoi rún. Is féidir leis an gceistneoir a bheith gan ainm. Mar bhuíochas, is féidir, áfach, leis na freagróirí, más mian leo, páirt a ghlacadh i dtarraingt, atá saor in aisce, **agus seans a bheith acu síntiús bliana a bhuachtaint don tarraingt seachtainiúil ar lotto CLG Daingean Uí Chúis (luach 100 euro)**. Beidh an ceistneoir ar fáil go dtí **14ú Márta 2021**. Déanfar an tarraingt agus fógrófar an buaiteoir ar ár suímh shóisialta ar **17ú Márta 2021**.




**Sintiús Bliana don lotto ar luach €100**

Más mian leat breis eolais a fhail faoin bpróiseas a bhaineann leis an bPlean Straitéiseach, nó páirt a ghlacadh in aon sort slí, téigh i dteagmháil le Rónán MacCárthaigh…fón póca: 087-9859945 nó r-phost: strategicreview@dinglegaa.ie nó, go deimhin, le haon duine atá bainteach leis an gCoiste Straitéiseach Athbhreithnithe (Seán Ó Súilleabháin, John Diony Ó Conchúir, Margie Ní Loinsigh agus Declan Ó Dubháin).

Le mór mheas,
Rónán MacCárthaigh, Cathaoirleach Coiste ar an Athbhreithniú Straitéiseach CLG Daingean Uí Chúis .

Nóta: Is féidir cóip chrua den suirbhé a fháil ón Rúnaí Margie Ní Loinsigh (secretary.dingle.kerry@gaa.ie nó 087-6338124).